# Treoirlínte Soláthair – Beartas agus Nósanna Imeachta

## Clár an Ábhair

1. Réamhrá ... 3
1.1 Cuspóir an Doiciméid ... 3
1.2 Struchtúr an Doiciméid ... 3
1.3 Sonraí Teagmhála ... 4
2. An Beartas Soláthair ... 4
2.1 Comhthéacs ... 4
2.2 Freagrachtaí Soláthair sa DPC ... 5
2.3 Luach Measta agus Bandaí Soláthair ... 6
2.4 Modhanna Soláthair ... 8
2.5 Teimpléid agus Doiciméid Soláthair ... 10
2.6 Cód Eitice ... 11
2.7 Conarthaí ... 11
3. Nósanna Imeachta Soláthair ... 13
3.1 Céimeanna Soláthair ... 13
3.2 Meastacháin a Iarraidh ar Earraí agus Seirbhísí ar lú a Luach ná €5,000 ... 15
3.3 Tairiscintí a Iarraidh le haghaidh Earraí agus Seirbhísí a bhfuil Luach €5,000 go €50,000 orthu ... 16
3.4 An Creat-Chomhaontú OGP atá ann a Úsáid le haghaidh Earraí agus Seirbhísí de Luach ar bith ... 20
3.5 Modhanna Eile Soláthair ... 22

# 1. Réamhrá

## *1.1 Cuspóir an Doiciméid*

Leagtar amach sna treoirlínte seo an beartas, an fhaisnéis ábhartha agus na nósanna imeachta nach mór a leanúint i gcás soláthar earraí agus seirbhísí uile sa Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC).

Is é is aidhm do na treoirlínte seo an fhaisnéis agus na huirlisí atá ag teastáil a chur ar fáil do bhaill foirne an DPC chun na hearraí agus na seirbhísí uile atá ag teastáil a sholáthar, ar bhealach a chinntíonn:

- go gcloíonn an DPC le cultúr cuntasachta, trédhearcachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, agus
- go gcomhlíonann an DPC a fhreagracht maidir le héifeachtúlacht agus barainneacht le linn dó na seirbhísí sin a chur ar fáil de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Ba cheart do bhaill foirne an DPC atá ag tabhairt faoi sholáthar seirbhísí nó earraí:

1. Na treoirlínte seo a leanúint agus féachaint orthu i rith phróiseas an tsoláthair;
2. Comhairle a lorg ó aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha a bhfuil freagracht lárnach air as soláthar uile an DPC;
3. Féachaint ar threoirlínte mionsonraithe na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) de réir mar is gá, treoirlínte a bhfuil fáil orthu ar https://ogp.gov.ie/public-procurement-guidelines-for-goods-and-services/.

## *1.2 Struchtúr an Doiciméid*

I dhá phríomhchuid a leagtar na treoirlínte seo amach:

- Beartas Soláthair ina bhfuil faisnéis maidir le catagóirí soláthair, riachtanais soláthair, tairseacha soláthair, etc.
- Nósanna Imeachta Soláthair ina bhfuil próiseas céim-ar-chéim nach mór a leanúint le haghaidh gach modh soláthair.

Ba cheart do gach ball foirne sa DPC atá i mbun earraí nó seirbhísí ar bith a sholáthar féachaint ar mhír an Bheartais Soláthair agus ar mhír na Nósanna Imeachta Soláthair sna

treoirlínte seo.

### *1.3 Sonraí Teagmhála*

Ba cheart aon cheist maidir le soláthar sa DPC, gach iarratas ar chomhairle soláthair agus gach doiciméad soláthair arna chur isteach le haghaidh comhdú lárnach a sheoladh ar ríomhphost chuig an aonad um Ghnóthaí Corparáideacha: corpaffairs@dataprotection.ie nó a tharraingt anuas díreach le: Tom Walsh (Ceann an Aonaid um Ghnóthaí Corparáideacha) ar fholíne 0151.

Is é an t-aonad um Ghnóthaí Corparáideacha go díreach a chuireann soláthar leabhar, síntiús, lónadóireachta, aistriúcháin agus soláthairtí oifige i gcrích go hiomlán ó cheann go ceann. Ba cheart gach iarratas ar na cineálacha sonracha soláthair sin a chur isteach díreach chuig: corpaffairs@dataprotection.ie

## 2. An Beartas Soláthair

### *2.1 Comhthéacs*

Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) sa bhliain 2013 agus feidhmíonn sí mar oifig de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Chomh maith leis na feidhmeanna eile atá aici, leagann an OGP amach na nósanna imeachta soláthair nach mór do chomhlachtaí seirbhíse poiblí, lena n-áirítear an DPC, a leanúint de réir rialacha náisiúnta agus rialacha an AE.

Sna Treoirlínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí (2019) de chuid an OGP deirtear: *"Tagraíonn soláthar poiblí don phróiseas trína gceannaíonn comhlachtaí poiblí oibreacha, earraí nó seirbhísí ó sholáthróirí atá roghnaithe acu chun na críche sin. Cuimsítear ann ceannach gnáthearraí agus gnáthsheirbhísí mar aon le conarthaí ar scála mór le haghaidh tionscadail bhonneagair agus baineann raon leathan agus éagsúil údarás conraitheoireachta leis."*

Má leantar Treoirlínte an OGP agus má úsáidtear creataí soláthair an OGP nuair is féidir, féadfar cuidiú leis an DPC a chinntiú go gcloímid le dea-chleachtas soláthair, go gcuirimid na rialacha soláthair i bhfeidhm go seasta agus go mbainimid an luach is fearr ar airgead amach maidir lenár gcaiteachas.

Seo a leanas na príomhphrionsabail soláthair arna shainiú ag an OGP:

- Ní mór d'idirbhearta agus cinntí soláthair a bheith go hiomlán neamh-idirdhealaitheach, cóir agus cothrom agus ní mór dóibh luach ar airgead a chinntiú;
- Ní mór d'údaráis chonraitheoireachta (e.g. an DPC) a bheith in ann cúis a thabhairt le cinntí agus le bearta a rinneadh;
- Go ginearálta, baineann an luach is fearr ar airgead le próiseas iomaíochta a chuirtear i gcrích ar bhealach oscailte trédhearcach.

Ba cheart do bhaill foirne an DPC atá ag tabhairt faoi sholáthar earraí agus seirbhísí féachaint ar na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí (2019) de chuid an OGP. Is féidir leis an aonad um Ghnóthaí Corparáideacha comhairle a thabhairt maidir le struchtúr Threoirlínte an OGP agus maidir le conas iad a chur i bhfeidhm.

## *2.2 Freagrachtaí Soláthair sa DPC*

Is é an t-aonad um Ghnóthaí Corparáideacha go díreach a chuireann soláthar leabhar, síntiús, lónadóireachta, aistriúcháin agus soláthairtí oifige i gcrích go hiomlán ó cheann go ceann. Ba cheart gach iarratas ar na cineálacha sonracha soláthair sin a chur isteach díreach chuig:

corpaffairs@dataprotection.ie

Maidir le soláthar gach earra agus gach seirbhíse eile sa DPC, tá achoimre thíos ar dháileadh na bhfreagrachtaí. Sna nósanna imeachta soláthair a leagtar amach i Mír 3 den doiciméad seo cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil maidir leis na freagrachtaí sonracha atá i gceist.

Is cuid den aonad um Ghnóthaí Corparáideacha í feidhm Sholáthar an DPC, aonad a bhfuil freagrachtaí sonracha air:

i. Feidhmiú mar phointe teagmhála ginearálta an DPC chun críocha an OGP agus rannán Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, nuair is gá;
ii. Cloí le bearta, nósanna imeachta agus teimpléid an DPC;
iii. Comhairle ghinearálta soláthair a chur ar fáil do bhaill foirne an DPC atá ag tabhairt faoi sholáthar earraí agus seirbhísí (ach gan gealltanas ná formheas soláthair a chur ar fáil);
iv. Clár a choimeád den soláthar ar fad a dtugtar faoi;
v. Clár Sócmhainní agus Clár Conarthaí an DPC a choimeád;
vi. Leabharlann lárnach a choimeád ina bhfuil doiciméid soláthair uile an DPC;

vii. Soláthar a chur i gcrích ó cheann go ceann le haghaidh cineálacha sonracha soláthair i leith gnáthearraí agus gnáthsheirbhísí (lena n-áirítear leabhair, síntiúis, lónadóireacht agus aistriúchán faoi láthair) ar chúiseanna éifeachtúlachta.

Tá freagrachtaí ar réimsí feidhmiúcháin ar gá dóibh earraí agus seirbhísí a sholáthar:

i. An gá le hearraí nó le seirbhísí a dheimhniú, an cás gnó inmheánach a ullmhú agus an formheas riachtanach a fháil;
ii. An modh soláthair is oiriúnaí a roghnú, lena n-áirítear measúnú ar Chreat-Chomhaontuithe an OGP a fhéadfaidh a bheith ann cheana féin;
iii. Na doiciméid tairisceana a ullmhú de réir mar is gá (e.g. Iarraidh ar Thairiscint) lena n-áirítear sonraíocht maidir le riachtanais;
iv. Dul i gcomhairle go díreach leis an OGP maidir leis an mbeart sonrach soláthair (e.g. an IarT a thabhairt chun críche, iarratais ar shoiléiriú a fhreagairt, agus mar sin de);
v. Freagraí a mheas agus tuarascáil mheastóireachta a chur i gcrích;
vi. Na doiciméid chonartha a thabhairt chun críche, lena n-áirítear comhaontú maidir le leibhéal na seirbhíse agus comhaontú maidir le próiseáil sonraí de réir mar atá ábhartha;
vii. Bainistíocht leanúnach ar an gconradh, ar an gcomhaontú maidir le leibhéal na seirbhíse agus ar an gcomhaontú maidir le próiseáil sonraí.

### *2.3 Luach Measta agus Bandaí Soláthair*

Bíonn an-tionchar ag luach measta na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar ar an mbeartas soláthair agus ar nósanna imeachta soláthair. Nuair a bheidh an luach atá ar sholáthar beartaithe á mheas, ba cheart na rialacha seo a leanas a leanúint:

- Ní mór an meastachán a bheith bunaithe ar fhíormheastachán ar luach ionchais an chonartha ar an dáta a lorgófar meastacháin nó a fhoilseofar an Iarraidh ar Thairiscintí;
- Gan CBL a bheith san áireamh sa luach measta;
- Ní mór costais saolré a ghlacadh san áireamh nuair a bheidh an meastachán á dhéanamh- seirbhísí tacaíochta, cothabháil, ceadúnú etc. mar shampla, mar aon le síneadh ama ar bith a d’fhéadfaí a chur leis an gconradh;
- Nuair a bheidh an meastachán á dhéanamh, ba cheart leas a bhaint as taithí a fuarthas roimhe sin laistigh den DPC más féidir, agus;
- Ná déantar an luach measta a roinnt d’aon turas ar bhealach a choinneodh an luach measta faoi bhun na dtairseach.

Tiocfaidh an luach measta faoi cheann de na bandaí soláthair a sainíodh, banda a bheidh barrthábhachtach ina dhiaidh sin chun na nithe seo a leanas a shainaithint:

- Na modhanna soláthair is féidir a úsáid agus an fhoirmiúlacht choibhneasta a bhaineann leo;
- Na rialacha gaolmhara soláthair atá i bhfeidhm, agus
- Na nósanna imeachta nach mór a leanúint.

Seo a leanas na bandaí soláthair.

Banda A: Níos lú ná €5,000

Banda B: Idir €5,000 agus €50,000

Banda C: Idir €50,000 agus Tairseach an AE (€140,000)

Banda D: Os cionn Thairseach an AE (€140,000)

De réir reachtaíocht an AE, ní mór soláthar a bhfuil luach measta air atá os cionn Thairseach an AE a fhógairt in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE). Is é €140,000 Tairseach an AE le haghaidh Soláthairtí agus Seirbhísí i gcomhair Ranna agus Oifigí Rialtais (lena n-áirítear an DPC), agus é sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020.

Más amhlaidh go bhfuil an DPC ag smaoineamh ar sholáthar ar mó a luach measta ná Tairseach an AE, is dócha go mbeimid ag iarraidh Creat-Chomhaontú OGP atá ann cheana a úsáid (féach thíos), agus ní bheadh orainn fógraíocht dhíreach a dhéanamh in IOAE.

## *2.4 Modhanna Soláthair*

Seo a leanas na modhanna soláthair is ábhartha don DPC. Leagtar amach go mionsonraithe na céimeanna nach mór a leanúint le haghaidh gach modh acu seo i Mír 3 sa doiciméad seo.

Is é cúram an duine a bhronann an conradh/a thugann údar don íocaíocht go gcinnteofar go bhfuil imréiteach cánach ag an soláthraí. Ina theannta sin, níor cheart go mbronnfar conradh/go ndéanfar íocaíocht mura bhfuil an t-imréiteach cánach sin le fáil. Baineann sé seo sa chás ina bhféadfadh go mbeidh luach iomlán an chaiteachais thar thréimhse bliana níos mó ná €10,000. Ba cheart go mbunófar an forthairgeoir rathúil mar soláthraí ag an Rannóg Airgeadais.

Tabhair do d’aire gurb é an duine a bhronnann an conradh/a thugann údar don íocaíocht atá freagrach as cinntiú go bhfuil imréiteach cánach ag an soláthraí. Ina theannta sin, níor cheart go mbronnfar conradh/go ndéanfar íocaíocht mura bhfuil imréiteach cánach dá leithéid ar fáil. Baineann sé seo nuair a bhféadfadh go mbeidh an caiteachas iomlán i mbliain amháin níos mó ná €10,000. Ba cheart go gcuirfidh an Rannán Airgeadais an forthairgeoir ráthúil ar bun mar sholáthraí.

Banda A: Níos lú ná €5,000

- Meastacháin ó bhéal nó i scríbhinn a fháil ó sholáthraithe iomaíocha agus an praghas is ísle / an tairiscint is oiriúnaí a roghnú.
- Bain úsáid as Creat-Chomhaontú OGP atá ann cheana féin do na hearraí nó seirbhísí ar leith atá ag teastáil.

Banda B: Idir €5,000 agus €50,000

- Sonraíocht i scríbhinn a chur ar fáil tríd an ríomhphost chuig trí sholáthraí ar a laghad agus measúnú a dhéanamh ar mheastacháin i scríbhinn chun an tairiscint is oiriúnaí a roghnú agus an conradh a bhronnadh; *NÓ*
- Creat-Chomhaontú OGP atá ann cheana a úsáid le haghaidh earraí nó seirbhísí sonracha atá ag teastáil.
- Tabhair do d’aire gur i gcás aon chomórtas soláthair níos mó ná €25,000 nach fógraítear ar eTenders tá ar údaráis conarthacha taifead den bhronnadh a dhéanamh de láimh ar eTenders agus gach réimse a bhaineann le conarthaí níos mó ná €25,000 a chomhlánú

Banda C: Idir €50,000 agus Tairseach an AE (€140,000)

- Doiciméid mhionsonraithe tairisceana a chur le chéile ina gcuimsítear critéir bhronnta, fógraíocht a dhéanamh ar eTenders trí nós imeachta oscailte a úsáid, measúnú a dhéanamh ar thairiscintí chun an tairiscint is oiriúnaí a roghnú agus an conradh a bhronnadh; *NÓ*
- Creat-chomhaontú OGP atá ann cheana a úsáid le haghaidh earraí nó seirbhísí sonracha atá ag teastáil.

Banda D: Os cionn Thairseach an AE (€140,000)

- Comhairle a lorg ón OGP, doiciméid mhionsonraithe tairisceana a chur le chéile ina gcuimsítear critéir bhronnta, fógraíocht a dhéanamh ar eTenders agus in Iris Oifigiúil an AE, measúnú a dhéanamh ar thairiscintí chun an tairiscint is oiriúnaí a roghnú, agus an conradh a bhronnadh; *NÓ*
- Creat-Chomhaontú OGP atá ann cheana a úsáid le haghaidh earraí nó seirbhísí sonracha atá ag teastáil.

Creat-Chomhaontuithe an OGP

Bhunaigh an OGP go leor Creat-Chomhaontuithe chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, agus baineann scóip shainithe le gach Creat-Chomhaontú i dtaca leis na hearraí agus na seirbhísí atá san áireamh. Maidir le gach Creat-Chomhaontú, cheap an OGP soláthraí amháin nó níos mó cheana féin agus iad in ann earraí agus seirbhísí a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoi théarmaí an Chreat-Chomhaontaithe sin. Dá bharr sin is féidir le comhlachtaí poiblí soláthairtí nó seirbhísí a sholáthraítear go minic a "tharraingt anuas" de réir mar is gá. Tá ceangal ar chomhlachtaí poiblí úsáid a bhaint as na Creat- Chomhaontuithe sin fad is a bheidh siad i bhfeidhm.

Tá dhá phríomhchineál Creat-Chomhaontaithe ann:

1. Tarraingt Anuas Dhíreach sa chás nach mbeidh ach soláthraí amháin ceaptha chun an Chreata ag an DPC nó sa chás ina mbeidh córas uainíochta i bhfeidhm i measc na soláthraithe nó sa chás ina mbeidh cur chuige cascáide in úsáid chun an obair a bhronnadh de réir rangú na soláthraithe ar an gcreat, agus
2. Mionchomórtas sa chás ina mbeidh go leor soláthraithe ceaptha chun an Chreata ag an OGP, soláthraithe a bheidh in ann tairiscint a dhéanamh ar iarratais nua de réir mar a thagann siad aníos.

Maidir leis an gcéad chineál, tá ceangal ar an DPC Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú nó Foirm um Fhógra chun Seirbhísí a Ghníomhachtú a ullmhú.

Maidir leis an dara cineál, tá ceangal ar an DPC Iarraidh Fhorlíontach ar Thairiscintí a

ullmhú chun na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil a shonrú, de réir theimpléad struchtúrtha arna chur ar fáil ag an OGP. Cuireann an OGP comhairle mhionsonraithe agus tacaíocht ar fáil le linn don Iarraidh Forlíontach ar Thairiscintí a bheith á hullmhú agus i rith phróiseas na tairisceana nuair a bheidh Creat-Chomhaontú in úsáid.

I dTreoirlínte an OGP cuimsítear faisnéis maidir le modhanna eile soláthair nach dócha a mbeidh gá leo chun críocha an DPC, i bhfianaise an chineáil oibre a bhíonn ar bun againn.

## *2.5 Teimpléid agus Doiciméid Soláthair*

Tabharfaidh an tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha comhairle, teimpléid ábhartha agus iarshamplaí cáipéise a mbeidh réimsí feidhmiúcháin atá ag tabhairt faoi sholáthar earraí agus seirbhísí úsáid a bhaint astu, mar shampla, Cás Gnó Inmheánach, Iarraidh ar Thairiscintí (RFT) le haghaidh luach measta ar lú é ná €50,000, Maitrís Mheastóireachta, agus mar sin de.

Gné ríthábhachtach den RFT í an tsonraíocht maidir leis na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil ón DPC. Braithfidh leibhéal an mhionsonraithe a chuimseofar sa tsonraíocht ar an riosca, ar an gcastacht agus ar an luach a bhaineann leis an soláthar atá i gceist. Ba cheart an tsonraíocht a bhunú ar na riachtanais a sainaithníodh sa chás gnó agus ba cheart:

- an tsonraíocht a dhréachtú sa tslí is go sainaithneofar an riachtanas go soiléir inti;
- an tsonraíocht a bheith cuimsitheach a dóthain ionas go mbeidh an soláthraí in ann an fíor-riachtanas a thuiscint;
- nach ndéanfadh an tsonraíocht leatrom ar sholáthraí ar bith;
- go n-úsáidfí sonraíocht theicniúil ghinearálta sa tsonraíocht agus go seachnófar ainmneacha brandaí dílsithe.

Stóráiltear doiciméid soláthair go lárnach ar Bhunachar Sonraí Soláthair an DPC. Tá an t-a onad um Ghnóthaí Corparáideacha freagrach as doiciméid soláthair a chomhdú agus a choimeád, agus as clár a choimeád den soláthar ar fad a dtugtar faoi. Ní mór do bhaill foirne an DPC atá ag tabhairt faoi sholáthar earraí agus seirbhísí, agus a bheidh ag déanamh bainistíocht ar chonarthaí ina dhiaidh sin, a chinntiú go gcuirfear na doiciméid seo a leanas ar fáil don aonad um Ghnóthaí Corparáideacha lena gcomhdú go lárnach:

- Leagan deiridh den Chás Gnó nó doiciméad comhionann;
- Leagan deiridh den Iarraidh ar Thairiscintí nó an tsonraíocht a eisíodh;
- Cóip shínithe den Tuarascáil Mheastóireachta deiridh, de réir mar is cuí;
- Cóip shínithe den chonradh deiridh agus doiciméid ghaolmhara chonartha, de réir mar is cuí.

### *2.6 Cód Eitice*

Tá baill foirne uile an DPC faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse[1]. Tá ceangal ar na baill foirne uile a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí soláthair agus le bronnadh conarthaí iad féin a iompar ar bhealach eiticiúil.

Chun na críche sin ní mór do bhaill foirne:

- Iad féin a iompar ar bhealach ionraic eiticiúil,
- Gan glacadh le bronntanais ar bith,
- Gan glacadh le fáilteachas,
- Coinbhleacht leasa ar bith maidir le próiseas tairisceana a fhógairt.

Mura gcomhlíonfar an méid thuas féadfar imeachtaí araíonachta a bheith ann mar aon le smachtbhannaí suas go dtí an dífhostú agus lena n-áirítear an dífhostú.

### *2.7 Conarthaí*

Mar chomhlacht poiblí, ní cheadaítear don DPC conarthaí a shocrú trí idirbheartaíocht i dtéarmaí praghais. Tá cosc iomlán ar idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le praghas nuair a bhronnfar conradh faoin nós imeachta oscailte nó faoin nós imeachta srianta.

Bainistíocht Conarthaí:

Nuair a bheidh conradh sínithe nó litir cheapacháin eisithe, beidh dualgas ar an DPC a chinntiú go gcuirfear na soláthairtí, na hoibreacha nó na seirbhísí ar fáil de réir théarmaí na tairisceana agus de réir na bpraghsanna luaite.

Mura gcomhlíonfaidh na soláthraithe na téarmaí sin, ba cheart teagmháil a dhéanamh leo láithreach agus ba cheart próiseas bainistithe feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. Ba cheart don DPC taifead iomlán a choinneáil i scríbhinn ar an gcomhfhreagras ar fad leis an

[1] Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

soláthraí. Cé go gcinntítear leis an bpróiseas soláthair go mbeidh na doiciméid chonartha i bhfeidhm, tá sé riachtanach freisin bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar chonarthaí chun luach ar airgead a chinntiú agus a bhaint amach.

Íocaíochtaí Sonrasc:

Ní dhéanfaidh an DPC aon íocaíocht le soláthraí go dtí go dtabharfar na conarthaí chun críche agus go síneofar iad.

Chun ceisteanna agus moilleanna nach bhfuil gá leo a sheachaint, ba cheart do bhaill foirne an DPC iarraidh ar an soláthraí ainm nó tagairt na tairisceana DPC a lua ar gach sonrasc. Ina theannta sin ba cheart do bhaill foirne treoir a thabhairt don soláthraí an sonrasc a chur isteach díreach chuig Aonad Airgeadais an DPC chuig:

accounts@dataprotection.ie

Ná seoltar sonraisc chuig baill foirne aonair.

Faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) S.I. 580 de 2012, cuirtear ús i bhfeidhm ar íocaíochtaí i ndiaidh 30 lá féilire. I mí an Mheithimh 2009, áfach, thug an Rialtas ceanglas breise neamhreachtúil isteach chun tréimhse íocaíochta na Ranna agus na nOifigí Rialtais dá soláthraithe a laghdú ó 30 lá féilire go 15 lá féilire. Dá bhrí sin, tá ceangal ar an DPC soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse a íoc laistigh de 15 lá féilire tar éis sonrasc bailí a fháil (i.e. ní mór an íocaíocht a bheith i mbanc an tsoláthraí faoin 15ú lá). Is ar an lá a gheobhaidh an DPC sonrasc bailí a thosóidh an tréimhse 15 lá roimh an spriocdháta íocaíochta.

Tá freagracht oibriúcháin ar aonad Airgeadais an DPC as an bpróiseas lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an DPC spriocdháta na n-íocaíochtaí prasa. Chomh maith leis is é aonad Airgeadais an DPC a choinníonn teorainneacha údaraithe an DPC maidir le híocaíochtaí sonrasc ar bun.

Síneadh ar Chonarthaí

Coinníonn aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha Clár Lárnach na gConarthaí agus tugann sé faoi mheasúnú bliantúil ar na conarthaí is airde luach (nó caiteachas in aghaidh an

tsoláthraí) leis an gcoigilteas a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a dheimhniú, más ann dó. Déanann an t-aonad um Ghnóthaí Corparáideacha athbhreithniú freisin ar Chlár Lárnach na gConarthaí ar bhonn ráithiúil chun conradh ar bith a d'fhéadfadh a bheith le hathnuachan a shainaithint.

I gcás togra ar bith a mbeadh sé i gceist leas a bhaint as clásal sínidh, ní mór athbhreithniú doiciméadaithe ar fheidhmiúcháin an chonartha a chur ar fáil mar thacaíocht lena fhormheas go hinmheánach. Ní mór don DPC agus don soláthraí aon chomhaontú maidir le leas a bhaint as síneadh conartha a dheimhniú i scríbhinn.

Murar glacadh síneadh ama ná tar-rolladh san áireamh sa gcéad chonradh, ní féidir síneadh a chur leis an gconradh thar théarmaí an bhunchonartha.

## 3. Nósanna Imeachta Soláthair

### *3.1 Céimeanna Soláthair*

I gcomhréir le Treoirlínte an OGP, leagtar amach na ceithre phríomhchéim a bhaineann le soláthar ar bith sa DPC thíos.

Níl ach cur síos léiritheach sa chur síos gairid ar gach céim. Is féidir nach mbeidh roinnt de na gníomhaíochtaí sin ag teastáil le haghaidh beart soláthair sonrach; féadfar tuilleadh gníomhaíochtaí a shainaithint le haghaidh bearta soláthair eile, áfach, bunaithe ar chomhairle ón OGP nó ó aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha.

I. Céim an Ullmhúcháin

Le linn na céime seo, is féidir gur gá tabhairt faoi na cineálacha gníomhaíochta seo:

- Riachtanas gnó an DPC a shainaithint agus a scóip a mheas;
- Féachaint an bhfuil fáil ar na seirbhísí nó ar na hearraí sa mhargadh;
- Cás gnó nó doiciméad comhionann a ullmhú le formheas go hinmheánach.

Is é príomhthoradh na céime seo:

- Cás gnó formheasta nó doiciméad comhionann formheasta.

II. An Chéim Réamhthairisceana

Le linn na céime seo, is féidir gur gá tabhairt faoi na cineálacha gníomhaíochta seo:

- Luach an tsoláthair a mheas;
- An modh soláthair is oiriúnaí a roghnú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás gnó más gá.

Is é príomhthoradh na céime seo:

- Cás gnó athbhreithnithe (nó doiciméad comhionann athbhreithnithe) ina gcuimseofar an bunús leis an modh soláthair a bheith roghnaithe.

III. Céim na Tairisceana

Le linn na céime seo, is féidir gur gá tabhairt faoi na cineálacha gníomhaíochta seo:

- Na doiciméid tairisceana a ullmhú lena n-áirítear sonraíocht maidir leis na seirbhísí nó na hearraí atá ag teastáil agus lena n-áirítear na critéir roghnúcháin;
- An iarraidh ar mheastacháin nó na doiciméid tairisceana nó doiciméid chomhionann a eisiúint;
- Freagraí a thabhairt ar iarratais ar shoiléiriú agus dul i gcomhairle leis an OGP, de réir mar is cuí;
- Measúnú a dhéanamh ar mheastacháin nó ar fhreagraí tairisceana;
- An conradh a bhronnadh agus na doiciméid chonartha a thabhairt chun críche.

Is iad príomhthorthaí na céime seo:

- Iarraidh ar Thairiscintí nó sonraíocht maidir le riachtanais, de réir mar is cuí;
- Tuarascáil Mheastóireachta, de réir mar is cuí;
- Doiciméid shínithe a bheith tugtha chun críche;
- Cás gnó athbhreithnithe (nó doiciméad comhionann athbhreithnithe) a bheith nuashonraithe de réir mar is cuí

IV. An Chéim Bainistíochta Conartha

Le linn na céime seo, is féidir gur gá tabhairt faoi na cineálacha gníomhaíochta seo:

- Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar earraí agus seirbhísí de réir na sonraíochta agus de réir an chonartha;
- An conradh a leasú nó síneadh ama a chur leis de réir mar is cuí.

Is é príomhthoradh na céime seo:

- Doiciméid chonartha arna leasú, de réir mar is cuí;

Braithfidh na céimeanna nach mór tabhairt fúthu i ngach céim ar an luach measta agus ar an modh soláthair a bheidh in úsáid. Cuirtear sraith ar leith céimeanna mionsonraithe ar fáil i ngach mír i ndiaidh na míre seo, le haghaidh gach modh éagsúil soláthair, ionas go mbeidh fáil orthu go héasca ag baill foirne an DPC a bheidh ag

tabhairt faoi sholáthar earraí agus seirbhísí agus ar gá dóibh dá bhrí sin na céimeanna cuí a leanúint.

### *3.2 Meastacháin a Iarraidh ar Earraí agus Seirbhísí ar lú a Luach ná €5,000*

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na céimeanna a cheart do bhaill foirne an DPC tabhairt fúthu sa chás ina mbeidh earraí nó seirbhísí á soláthar acu, trí mheastacháin a iarraidh díreach ar sholáthraithe iomaíocha.

Baineann na freagrachtaí soláthair atá ar aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha leis an modh soláthair seo ach ní chuimsítear iad sa tábla thíos. Áirítear leo sin comhairle soláthair a chur ar fáil agus idir theimpléid soláthair agus dhoiciméid shamplacha an DPC a chur ar fáil.

| An Chéim | Na Bearta |
|---|---|
| I. Céim an Ullmhúcháin | 1. A dheimhniú go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil i gcomhréir le plean gnó an aonaid, lena spriocanna, lena thosaíochtaí straitéiseacha nó le spreagadh eile gnó.<br>2. An t-údar leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar a leagan amach, i ríomhphost nó i ndoiciméad gairid.<br>3. A dheimhniú trí ríomhphost nó trí mhiontuairiscí cruinnithe gur formheasadh an caiteachas i bprionsabal. |
| II. An Chéim Réamhthairisceana | 4. Measúnú a dhéanamh ar luach measta na n-earraí nó na seirbhísí agus a dheimhniú go mbeidh sé sin níos lú ná €5,000 (gan CBL a áireamh). |

| | |
|---|---|
| III. Céim na Tairisceana | 5. Nótaí a dhéanamh de na riachtanais sonracha le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí.<br>6. Soláthraithe iomaíocha sa mhargadh a fhéadfaidh na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil a chur ar fáil a shainaithint.<br>7. Meastacháin ó bhéal nó i scríbhinn atá bunaithe ar na riachtanais sonracha a lorg, agus a chinntiú go bhfuil na hiarrataí ar sholáthraithe éagsúla i gcomhréir le chéile.<br>8. Nótaí a dhéanamh de na meastacháin a fhaightear.<br>9. An cinneadh maidir leis an rogha is oiriúnaí / is éifeachtaí ó thaobh costais de a dheimhniú trí ríomhphost nó trí mhiontuairiscí cruinnithe<br>10. Soláthar na n-earraí nó na seirbhísí a dheimhniú leis an soláthraí, lena n-áirítear doiciméid chonartha ar bith, litir cheapacháin, ordú ceannaigh nó doiciméad comhionann a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an t-ordú a dhéanamh. |
| IV. An Chéim Bainistíochta Conartha | 11. Na doiciméid ábhartha agus na ríomhphoist ábhartha uile a thiomsú, agus an fo-thacar atá ag teastáil a chur ar fáil don aonad um Ghnóthaí Corparáideacha lena gcomhdú go lárnach.<br>12. A dheimhniú gur cuireadh na seirbhísí nó na hearraí ar fáil de réir mar a ordaíodh. |

### *3.3 Tairiscintí a Iarraidh le haghaidh Earraí agus Seirbhísí a bhfuil Luach €5,000 go €50,000 orthu*

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na céimeanna a cheart do bhaill foirne an DPC tabhairt fúthu sa chás ina mbeidh earraí nó seirbhísí á soláthar acu, trí Iarraidh ar Thairiscintí a eisiúint chuig trí sholáthraí ar a laghad.

Baineann na freagrachtaí soláthair atá ar aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha leis an modh soláthair seo ach ní chuimsítear iad sa tábla thíos. Áirítear leo sin comhairle soláthair a chur ar fáil agus idir theimpléid soláthair agus dhoiciméid shamplacha an DPC a chur ar fáil.

| An Chéim | Na Bearta |
|---|---|
| I. Céim an Ullmhúcháin | 1. A dheimhniú go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil i gcomhréir le plean gnó an aonaid, lena spriocanna, lena thosaíochtaí straitéiseacha nó le spreagadh eile gnó.<br>2. An t-údar leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar a leagan amach, i ndoiciméad gairid cáis gnó, bunaithe ar dhoiciméid shamplacha agus ar theimpléad ón aonad um Ghnóthaí Corparáideacha.<br>3. A dheimhniú trí ríomhphost nó trí mhiontuairiscí cruinnithe gur formheasadh an caiteachas i bprionsabal. |
| II. An Chéim Réamhthairisceana | 4. Measúnú a dhéanamh ar luach measta na n-earraí nó na seirbhísí agus a dheimhniú go mbeidh sé sin níos lú ná €50,000 (gan CBL a áireamh).<br>5. An cás gnó a nuashonrú más gá. |

| | |
|---|---|
| III. Céim na Tairisceana | 6. Doiciméad gairid um Iarraidh ar Thairiscintí (RFT) a ullmhú, lena n-áirítear sonraíocht maidir le riachtanais an DPC maidir leis na hearraí nó na seirbhísí, bunaithe ar dhoiciméid shamplacha agus ar theimpléad ón aonad um Ghnóthaí Corparáideacha.<br>7. Soláthraithe iomaíocha sa mhargadh a fhéadfaidh na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil a chur ar fáil a shainaithint agus a sonraí teagmhála a dheimhniú chun RFT a chur chucu.<br>8. RFT a eisiúint chuig trí sholáthraí ar a laghad as na soláthraithe a sainaithníodh, in éineacht le sonraí maidir spriocdhátaí le haghaidh soiléirithe agus freagraí faoi seach.<br>9. Baill an choiste meastóireachta a dheimhniú.<br>10. Freagraí tiomsaithe a thabhairt ar iarratais ar shoiléiriú chuig na soláthraithe uile ar tugadh cuireadh dóibh.<br>11. Maitrís mheastóireachta a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar fhreagraí.<br>12. Admháil a sheoladh trí ríomhphost maidir le gach freagra a fuarthas.<br>13. Gach freagra a fuarthas a oscailt agus a mheas agus a mheasúnú de réir na gcritéar meastóireachta trí chruinniú meastóireachta a reáchtáil.<br>14. Measúnú a dhéanamh ar na freagraí uile a fuarthas de réir na gcritéar meastóireachta trí chruinniú meastóireachta a reáchtáil a mbeidh gach ball den choiste meastóireachta i láthair aige. |

| | |
|---|---|
| | 15. Tuarascáil mheastóireachta a ullmhú.<br>16. Ríomhphost deimhniúcháin a sheoladh chuig an soláthraí rathúil.<br>17. Ríomhphoist deimhniúcháin a sheoladh chuig na soláthraithe nach raibh rathúil.<br>18. Na doiciméid chonartha nó doiciméid chomhionann a dheimhniú agus a thabhairt chun críche, agus a chinntiú go síneofar na doiciméid uile sula gcuirfear tús leis na seirbhísí nó le seachadadh na n-earraí.<br>19. An doiciméad cáis gnó a nuashonrú más gá. |
| IV. An Chéim Bainistíochta Conartha | 20. Cinntiú go bhfoilsítear aon chonradh níos mó ná €25,000 ar eTenders, fiú amháin nuair a rinneadh an comórtas a bhainistiú lasmuigh de eTenders<br>21. Na doiciméid ábhartha agus na ríomhphoist ábhartha uile a thiomsú, agus an fo-thacar atá ag teastáil a chur ar fáil don aonad um Ghnóthaí Corparáideacha lena gcomhdú go lárnach.<br>22. A dheimhniú gur cuireadh na seirbhísí nó na hearraí ar fáil de réir mar a sonraíodh.<br>23. Bainistíocht a dhéanamh ar an gconradh de réir mar is iomchuí. |

### 3.4 An Creat-Chomhaontú OGP atá ann a Úsáid le haghaidh Earraí agus Seirbhísí d'aon chineál Luach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na céimeanna a cheart do bhaill foirne an DPC tabhairt fúthu sa chás ina mbeidh earraí nó seirbhísí á soláthar acu, trí Chreat-Chomhaontú OGP atá ann cheana a úsáid.

Baineann na freagrachtaí soláthair atá ar aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha leis an modh soláthair seo ach ní chuimsítear iad sa tábla thíos. Áirítear leo sin comhairle soláthair a chur ar fáil agus idir theimpléid soláthair agus dhoiciméid shamplacha an DPC a chur ar fáil.

| An Chéim | Na Bearta |
|---|---|
| I. Céim an Ullmhúcháin | 1. A dheimhniú go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí atá ag teastáil i gcomhréir le plean gnó an aonaid, lena spriocanna, lena thosaíochtaí straitéiseacha nó le spreagadh eile gnó<br>2. An t-údar leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar a leagan amach, i ndoiciméad gairid cáis gnó, bunaithe ar dhoiciméid shamplacha agus ar theimpléad ón aonad um Ghnóthaí Corparáideacha<br>3. A dheimhniú trí ríomhphost nó trí mhiontuairiscí cruinnithe gur formheasadh an caiteachas i bprionsabal. |
| II. An Chéim Réamhthairisceana | 4. Measúnú a dhéanamh ar luach measta na n-earraí nó na seirbhísí, gan CBL a áireamh.<br>5. A dheimhniú leis an OGP go gclúdaítear scóip na riachtanas DPC sa Chreat-Chomhaontú DPC a sainaithníodh agus go bhfuil sin laistigh de shaolré an Chreat-Chomhaontaithe.<br>6. A dheimhniú leis an OGP an bhfuil Mionchomórtas de dhíth ar an gCreat-Chomhaontú nó an amhlaidh gur Creat Tarraingt Anuas Díreach é.<br>7. An clár ama a dheimhniú leis an OGP maidir le foilsiú na riachtanas DPC faoin gCreat.<br>8. An doiciméad cáis gnó a nuashonrú más gá. |

| | |
|---|---|
| III. Céim na Tairiscinte | 9. An doiciméad um Iarraidh Fhorlíontach ar Thairiscintí (SRFT), arna chur ar fáil ag an OGP, a ullmhú le haghaidh an Chreat-Chomhaontaithe shonraigh, más amhlaidh go bhfuil Mionchomórtas de dhíth.<br>10. Iarraidh ar an OGP an SRFT a eisiúint chuig soláthraithe bhaill an Chreat-Chomhaontaithe agus na mionsonraí maidir leis na spriocdhátaí le haghaidh soiléirithe agus freagraí a dheimhniú faoi seach leis an OGP.<br>11. Baill an choiste meastóireachta a dheimhniú.<br>12. Freagraí ar iarratais ar shoiléiriú a ullmhú, faoi threoir an OGP.<br>13. Maitrís mheastóireacha a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar fhreagraí.<br>14. Gach freagra a fuarthas tríd an OGP a oscailt agus a mheas.<br>15. Measúnú a dhéanamh ar na freagraí uile a fuarthas de réir na gcritéar meastóireachta, trí chruinniú meastóireachta a reáchtáil a mbeidh gach ball den choiste meastóireachta i láthair aige.<br>16. An soláthraí rathúil a dheimhniú don OGP ionas go mbeidh an OGP in ann deimhniú a eisiúint.<br>17. Na soláthraithe nach raibh rathúil a dheimhniú don OGP ionas go mbeidh an OGP in ann deimhniú a eisiúint.<br>18. An tuarascáil mheastóireachta arna chur ar fáil ag an OGP a athbhreithniú agus a dheimhniú.<br>19. Na doiciméid chonartha nó doiciméid chomhionann a dheimhniú agus a thabhairt chun críche, agus a áirithiú go síneofar na doiciméid uile sula gcuirfear tús leis na seirbhísí nó le seachadadh na n-earraí.<br>20. An doiciméad cáis gnó a nuashonrú más gá. |

| | |
|---|---|
| IV. An Chéim Bainistíochta Conartha | 21. Na doiciméid ábhartha agus na ríomhphoist ábhartha uile a thiomsú, agus an fo-thacar atá ag teastáil a chur ar fáil don aonad um Ghnóthaí Corparáideacha lena chomhdú go lárnach.<br>22. A dheimhniú gur cuireadh na seirbhísí nó na hearraí ar fáil de réir mar a sonraíodh.<br>23. Bainistíocht a dhéanamh ar an gconradh de réir mar is iomchuí. |

### 3.5 Modhanna Eile Soláthair

Mura bhfuil feidhm ag ceann ar bith de na modhanna soláthair a leagtar amach sna míreanna roimhe seo, ba cheart do bhaill foirne an DPC atá i mbun soláthar earraí nó seirbhísí acu comhairle a lorg ó aonad an DPC um Ghnóthaí Corparáideacha agus ón OGP.

Beidh fáil ar nasc chuig soláthar reatha ar bith atá ar e-Tenders agus ar mó a luach ná €25,000 ar shuíomh gréasáin an DPC ag an nasc seo a leanas:

https://www.dataprotection.ie/en/about/corporate-governance/freedom-information/foi-publication-scheme